Speaking Irish/An Ghaeilge Bheo

Take Your Language Skills Beyond Basics

Gníomhaíochtaí ranga

Classroom activities

Siuán Ní Mhaonaigh

Antain Mac Lochlainn

Aonad 11: Oideachas
Gníomhaíochtaí don seomra ranga

Gníomhaíocht réamhéisteachta

(i) Sula n-éisteann tú leis an agallamh le Ciara Ní Shé, déan leaganacha Gaeilge na bhfrásaí seo a leanas a scríobh síos. Nuair a bheidh tú críochnaithe, déan féin agus an duine in aice leat plé ar bhur gcuid iarrachtaí.

(a) *boarding school*: _____

(b) *a degree in geography*: _____

(c) *if she wanted to do it*: dá _____

(d) *there are more choices*: _____

(ii) Anois, éistigí leis an agallamh le Ciara. Ar bhain sibhse úsáid as na leaganacha céanna Gaeilge?

Tuiscint

Léigh an sliocht thíos, atá bunaithe ar chuid cainte Chiara. Anois, déan féin agus an duine in aice leat plé ar cibé botún a cheapann sibh atá ann maidir le fíricí agus maidir le dearcadh Chiara.

D'fhreastail Ciara ar Choláiste Íde. Chaith sí sé bliana ar fad sa scoil sin ach is léir nár thaitin an áit rómhór léi. Tá sí cinnte nach gcuirfeadh sí a hiníon féin, Méabh, chuig an scoil chéanna. Rud amháin a thaitin léi faoin scoil ná nach bhfuil sí rófhada ón áit a raibh cónaí orthu agus mar sin bhí sí in ann dul abhaile go minic. Fuair sí a cuid oideachais ar fad trí mheán na Gaeilge sa mheánscoil agus ansin san ollscoil. Ceapann sí go mbeidh níos mó deiseanna ag Méabh amach anseo má theastaíonn uaithi cúrsaí a dhéanamh trí mheán na Gaeilge. Is dócha go mbeidh Méabh ag freastal ar an bhunscoil chéanna ar fhreastail Ciara uirthi. Tá an bhunscoil cóngarach do leor don áit a bhfuil cónaí orthu ach tá Ciara imníoch an mbeidh sí oiriúnach mar is scoil an-bheag í.

Cineálacha scoileanna

(a) Seo thíos liosta de chineálacha scoileanna. Déan iad a phlé leis an duine in aice leat. An bhfuil aon chineál eile scoile i do cheantar féin nach bhfuil ar an liosta?
Cad iad na cineálacha scoileanna ar fhreastail sibh féin orthu? Cad iad na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhí leis na cineálacha scoileanna sin?

scoil idirchreidmheach
clochar pobalscoil scoil phoiblí
scoil chónaithe scoil shainchreidmheach
scoil phríobháideach gairmscoil

Teanga

(i) Déan na trí abairt thíos a aistriú go Gaeilge. Nuair a bheidh an méid sin déanta agat, ba chóir duit do chuid iarrachtaí a phlé leis an duine in aice leat. An bhfuil sibh ar aon intinn faoi na haistriúcháin?

(a) *I've been learning Irish for four years now.*

_____

(b) *I'm going to a course in New York in a week's time.*

_____

(c) *I'll be there for three days.*

_____

(ii) Déanfaidh an múinteoir na haistriúcháin a phlé leis an rang go léir.

Plé

Déan na ceisteanna seo thíos a phlé leis an bheirt in aice leat.

(a) Cad iad na rudaí is mó a thaitin agus nár thaitin leat faoin tréimhse a chaith tú ar scoil?

(b) An raibh aon rialacha sna scoileanna maidir leis na héadaí a raibh cead ag scoláirí iad a chaitheamh?

(c) An dóigh leat gur rud maith é éide scoile a bheith éigeantach?

(d) Cad iad na rudaí is fearr agus is measa, dar leat, faoin chóras oideachais i do thír féin?

(e) An bhfuil aon chúrsa eile ba mhaith leat a dhéanamh amach anseo?

Aonad 12: An timpeallacht
Gníomhaíochtaí don seomra ranga

Focal ar fhocal

(i) Sula mbreathnaíonn tú ar an agallamh le Donncha Ó Cróinín, déan iarracht leaganacha Gaeilge de na focail agus na frásaí thíos a scríobh síos. Nuair a bheidh an méid sin déanta agat, déan do chuid iarrachtaí a phlé leis an duine in aice leat.

(a) *great progress*: _____

(b) *in various areas / fields*: _____

(c) *recycling*: _____

(d) *my generation*: _____

(e) *procedures*: _____

(f) *they have a lot more experience*: _____

(ii) Anois, éistigí le Donncha. Ar bhain sé úsáid as leaganacha difriúla ó na cinn a bhí agaibhse?

Tuiscint

Breathnaigh ar an tuairisc uair amháin eile agus ansin, déan féin agus an duine in aice leat na ceisteanna seo a leanas a phlé.

(a) Cén difríocht atá idir Éire agus tíortha eile na hEorpa, dar le Donncha?

(b) Cad atá le rá aige faoi aos óg na hÉireann?

Cé chomh "glas" is atá tusa?

Cuir na ceisteanna seo ar an duine in aice leat agus lig dó / di na ceisteanna céanna a chur ortsa. Nuair a bheidh sibh críochnaithe, suimigh an líon A-nna, B-nna agus C-nna a bhí ag gach duine agaibh. Tabharfaidh an múinteoir eolas daoibh ansin faoin chaoi ar éirigh libh.

1. An múchann tú soilse, ríomhairí, teilifíseáin srl. nuair nach mbíonn siad in úsáid?

(a) Go minic ○ (b) Anois is arís ○ (c) Riamh ○

2. Ar chuir tú crann riamh?

(a) Go minic ○ (b) Anois is arís ○ (c) Riamh ○

3. An ndéanann tú iarracht bia a cheannach ó fhoinsí áitiúla?

(a) Go minic ○ (b) Anois is arís ○ (c) Riamh ○

4. An úsáideann tú bolgáin solais (*light bulbs*) nach gcuireann fuinneamh amú?

(a) Go minic ○ (b) Anois is arís ○ (c) Riamh ○

5. An nglacann tú páirt i nglantachán sráide, trá, ceantair?

(a) Go minic ○ (b) Anois is arís ○ (c) Riamh ○

6. An gcuireann tú an timpeallacht san áireamh agus earraí leictreacha á gceannach agat?

(a) Go minic ○ (b) Anois is arís ○ (c) Riamh ○

7. An gcuireann tú an timpeallacht san áireamh agus tú ag vótáil i dtoghchán?

(a) Go minic ○ (b) Anois is arís ○ (c) Riamh ○

8. An úsáideann tú cibé áiseanna athchúrsála atá le fáil i do cheantar féin?

(a) Go minic ○ (b) Anois is arís ○ (c) Riamh ○

9. Nuair a bhíonn tú ag déanamh cóipeanna, an úsáideann tú dhá thaobh an leathanaigh?

(a) Go minic ○ (b) Anois is arís ○ (c) Riamh ○

10. An siúlann tú nó an mbíonn tú ag taisteal le rothar?

(a) Go minic ○ (b) Anois is arís ○ (c) Riamh ○

11. An úsáideann tú an córas iompair phoiblí (mar shampla, busanna, traenacha)?

(a) Go minic ○ (b) Anois is arís ○ (c) Riamh ○

12. An nglacann tú cithfholcadh (*shower*) seachas folcadh?

(a) Go minic ○ (b) Anois is arís ○ (c) Riamh ○

Plé

Déan na ceisteanna seo a leanas a phlé leis an duine in aice leat.

(a) Cad iad na rudaí is tábhachtaí maidir le cúrsaí timpeallachta sa tír faoi láthair?

(b) Cén dearcadh atá ag na príomhpháirtithe polaitíochta maidir le cúrsaí timpeallachta?

(c) An dóigh leat go mbeidh polasaithe maidir leis an timpeallacht níos tábhachtaí amach anseo? Cén fáth?

(d) Déanaigí liosta de na chúig rud is mó a chuireann an timpeallacht i mbaol, dar libhse.

1. _____
2. _____
3. _____
4. _____
5. _____

Aonad 13: An Ghaeltacht
Gníomhaíochtaí don seomra ranga

Focal ar fhocal

Sula mbreathnaíonn tú ar an agallamh le hAoife Ní Chonchúir, déan iarracht leaganacha Gaeilge de na focail agus na frásaí thíos a scríobh síos. Nuair a bheidh an méid sin déanta agat, déan do chuid iarrachtaí a phlé leis an duine in aice leat.

(a) *for the country's sake*: _____

(b) *doing normal, everyday things*: _____

(c) *at the end of the day*: _____

(d) *it's part of our culture*: _____

(e) *a particular culture*: _____

Tuiscint agus plé

(i) Cé acu ceann de na ráitis seo a leanas is fearr a léiríonn tuairimí Aoife faoi thábhacht na Gaeltachta d'fhoghlaimeoirí na teanga?

- Tá níos mó cainteoirí Gaeilge lasmuigh den Ghaeltacht, agus ní gá d'fhoghlaimeoirí dul chun na Gaeltachta in aon chor.
- Is fiú dul chun na Gaeltachta agus an teanga a chloisteáil i gcomhthéacs nádúrtha.
- Níl muintir na Gaeltachta chomh díograiseach faoin teanga agus faoin gcultúr agus ba chóir dóibh a bheith.

(ii) An aontaíonn tú le tuairimí Aoife? Cad é do thaithí féin ar an Ghaeltacht? An bhfuil aon cheantar Gaeltachta faoi leith a bhfuil dáimh agat leis?

Léitheoireacht

(i) Léigh tríd an téacs thíos go measartha tapa chun blaiseadh a fháil ar ábhar an phíosa. Ná bac leis na bearnaí go fóill.

(ii) Anois, léigh an téacs arís agus cuir an leagan ceart de gach focal thíos isteach sa bhearna chuí.

údarás	tabhair
deireadh	bí
cónaí	Éire
pobal	bunaigh
cuir	deireanach

(iii) Nuair a bheidh an méid sin déanta agat, déan do chuid iarrachtaí a phlé leis an duine in aice leat sula ndéanann an múinteoir an ghníomhaíocht agus an téacs a phlé leis an rang go léir.

Inniu, nuair a luaitear an Ghaeltacht smaoiníonn daoine ar cheantair ar leith i gcontaetha na Gaillimhe, Mhaigh Eo, na Mí, Chorcaí, Chiarraí, Phort Láirge agus Dhún na nGall. Bhí ciall eile ar fad le "Gaeltacht" fadó, is é sin muintir na **(a)** _____ agus na hAlban. Sa 17ú haois bhí Gaeilge ag beagnach gach duine ó Chorcaí go dtí oileáin iarthar na hAlban. B'in í an Ghaeltacht. Inniu is "oileáin" teanga iad na ceantair ina bhfuil an Ghaeilge fós á labhairt mar theanga an **(b)** _____. Rinneadh roinnt iarrachtaí chun Gaeltachtaí nua a **(c)** _____. D'éirigh le cuid acu agus theip ar chuid eile. Sna 1930aidí, **(d)** _____ talamh maith ar fáil i gContae na Mí do 30 teaghlach as Conamara agus d'aistrigh siad trasna na tíre go Ráth Cairn. Tá an Ghaeilge beo beathach ann i gcónaí, ach theip ar phlean eile sa chontae céanna.
(e) _____ teaghlaigh as gach cearn den Ghaeltacht le chéile i mBaile Ghib, agus ní raibh an pobal ná an teanga chomh láidir ann dá bharr sin. Theip mar an gcéanna ar *Gaeltacht Park* i mBaile Átha Cliath. B'fhéidir go raibh brú an Bhéarla róláidir sa phríomhchathair. Sin ráite, d'éirigh le muintir Bhóthar Seoighe i mBéal Feirste pobal bríomhar Gaeilge a fhorbairt le linn na 1970aidí agus 1980aidí. Rinne siad sin in ainneoin an rialtais agus na **(f)** _____, agus le linn an chuid is measa de na "Trioblóidí".

Is i gCeanada a rinneadh ceann de na hiarrachtaí is **(g)** _____ chun Nua-Ghaeltacht a chur ar bun. Cheannaigh Cumann na Gaeltachta 60 acra in oirdheisceart Ontario, in aice leis an teorainn le SAM. Ní Gaeltacht sa chiall thraidisiúnta a bheidh ann, áfach, mar ní bheidh aon duine ina **(h)** _____ san áit. Is le linn cúrsaí agus **(i)** _____ seachtaine a bheidh Gaeilge á labhairt ann, i dtús báire ar aon nós. Tá an focal "Gaeltacht" á úsáid ar an gcaoi sin i Meiriceá Thuaidh le fada an lá. *Gaeltacht weekends* a thugtar ar na cúrsaí teanga a **(j)** _____ ar siúl ar fud SAM agus Cheanada.

Aonad 14: Saol na mban
Gníomhaíochtaí don seomra ranga

Gníomhaíocht réamhéisteachta

(i) Tá cuid de na focail agus frásaí atá le cloisteáil le linn an agallaimh seo le fáil thíos. An féidir leat féin agus an duine in aice leat míniú nó aistriúchán a thabhairt ar gach ceann acu?

(a) Teach an Ard-Mhéara: _____

(b) cathaoirleacht a dhéanamh ar: _____

(c) comhlachtaí: _____

(d) tairiscint: _____

(e) píosa taighde: _____

(f) deiseanna: _____

(g) cáilíocht na beatha: _____

(h) freagrachtaí móra: _____

(i) sásamh: _____

(j) an dá ghnéas: _____

(k) an rud is luachmhaire: _____

(l) scun scan: _____

(m) feidhmiúlacht: _____

(ii) Anois, breathnaigí ar an mhír le Helen agus tugaigí aird faoi leith ar na focail agus na frásaí thuas. An raibh an ceart agaibh faoin bhrí atá leo? An bhfuil sé níos fusa iad a thuiscint i gcomhthéacs?

Tuiscint

Léigh na ráitis thíos. An bhfuil siad fíor (✓), bréagach (✗) nó b'fhéidir nach dtugtar an t-eolas in aon chor (✱) san agallamh. Éist leis an agallamh arís agus ansin cuir an comhartha ceart le gach ráiteas sula ndéanann tú iad a phlé leis an duine in aice leat.

(a) D'iarr an tArd-Mhéara ar Helen taighde a dhéanamh. ○

(b) Bhí spéis ag grúpaí éagsúla fáil amach cén fáth nach raibh mná ag glacadh le poist áirithe. ○

(c) Bhí mná i dtrí chomhlacht dhifriúla páirteach sa taighde. ○

(d) Cheap Helen gur cheart go mbeadh níos mó daoine páirteach sa taighde. ○

(e) Léirigh an taighde go bhfuil an cineál saoil atá acu níos tábhachtaí do mhná ná airgead mór. ○

(f) Dar le Helen, tá an dearcadh céanna ag fir agus mná faoi na rudaí is tábhachtaí dóibh ó thaobh oibre. ○

Nathanna úsáideacha

Seo thíos roinnt nathanna a bheidh úsáideach duit agus tú ag plé nithe a bhaineann le saol na mban. An féidir leat buille faoi thuairim a thabhairt faoin chiall atá leo? Bain úsáid an as fhoclóir chun cabhrú leat.

gluaiseacht na mban
cothromaíocht
cothrom na Féinne
stádas
tá leithcheal á dhéanamh ar…
ardú céime
ag lorg comhionannais
claonta in aghaidh

An teanga

(i) Baineann Helen úsáid as na focail thíos le linn an agallaimh. An féidir leat a rá cén chuid den ghramadach atá i gceist?

(a) labhraítear: _____
(b) iarradh: _____
(c) cuireadh: _____
(d) deineadh (rinneadh): _____
(f) fuarthas: _____

(ii) Cén aimsir atá i gceist le gach ceann?

(iii) Léigh na habairtí thíos agus ansin déan na gníomhaíochtaí:

(a) Deir daoine go bhfuil saoirse iomlán ag mná anois.
(b) Thaispeáin an comhlacht torthaí an taighde.
(c) Baileoidh an rialtas breis figiúirí amach anseo.
(d) Tá an rialtas dóchasach go dtiocfaidh méadú ar líon na mban sa pholaitíocht amach anseo.
(e) Chuir an ollscoil tús le taighde nua i mbliana.
(f) Cuireann grúpaí éagsúla eolas ar fáil do mhná faoina gcearta.

- An féidir leat líne a chur faoi na focail a bheidh le fágáil ar lár má bhaineann tú úsáid as an bhriathar saor?
- Scríobh an fhoirm cheart den bhriathar saor i ngach cás. Tá sampla déanta thíos chun cabhrú leat.
- Déan do chuid iarrachtaí a phlé leis an duine in aice leat sula ndéanann an múinteoir an ghníomhaíocht a phlé leis an rang.

Sampla: D'fhoilsigh grúpa taighdeoirí tuairisc faoi chéatadán na mban atá ag obair sa pholaitíocht. (Foilsíodh tuairisc faoi…)

Mná sa pholaitíocht

D'fhoilsigh eagraíocht darb ainm *The Inter-Parliamentary Union* taighde i 2005 faoi chéatadán na mban i bparlaimintí an domhain. Roghnaigh an tír cheart le cur isteach i ngach spás sa bhosca thíos. Nuair a bheidh tú críochnaithe, déan do chuid smaointe a phlé leis an bheirt in aice leat. An bhfuil sibh ar aon intinn? Anois, déanfaidh an múinteoir an t-eolas ceart a thabhairt daoibh. An gcuireann aon rud iontas oraibh?

Ord sa domhan	***An tír***	***Céatadán*** (%)
1.		48
2.	An tSualainn	45
13.		32
34.		21
49.		18
60.		15
65.		13
85.	An Rúis	10
99.		7
127.		0

Ceanada
An Araib Shádach
Éire
An tSeapáin
Ruanda
An Bhreatain
Na Stáit Aontaithe
An Ghearmáin

Cur agus cúiteamh

Cén dearcadh atá agat maidir leis na ráitis seo thíos? Léigh an eochair sula dtosaíonn tú.

1 = Aontaím go hiomlán leis an ráiteas **(✓)**
3 = Níl mé cinnte faoin ráiteas **(X)**
5 = Ní aontaím leis an ráiteas in aon chor **(?)**

Nuair a bheidh sé sin déanta agat, déan na ráitis a phlé leis an bheirt in aice leat.

	✓	X	?
1. Bíonn níos mó spéise ag mná i gcaighdeán saoil ná mar a bhíonn ag na fir.	1	2	3
2. Ní bheidh comhionannas iomlán idir mná agus fir go deo.	1	2	3
3. Tá poist faoi leith nach bhfuil oiriúnach d'fhir agus poist eile nach bhfuil oiriúnach do mhná.	1	2	3
4. Ba chóir liúntas airgid a thabhairt do mhná a fhanann sa bhaile chun aire a thabhairt dá bpáistí.	1	2	3

Aonad 15: Scéalta
Gníomhaíochtaí don seomra ranga

Gníomhaíocht réamhéisteachta

(i) Thíos sa chiorcal tá cuid de na frásaí is tábhachtaí atá le cloisteáil le linn an agallaimh le Cathal Ó Searcaigh. Ag obair leis an duine in aice leat, an féidir libh buille faoi thuairim a thabhairt faoin scéal a inseoidh Cathal?

ag síobshiúl stopadh an carr

sa charr liom féin ruaille buaille síob

chuaigh an fear isteach in óstán thosaigh an carr ag bogadh

tháinig an fear amach agus chonaic mise agus na saighdiúirí

tháinig leoraí le saighdiúirí iontas orthu

i mbarr mo chéille trácht trom

(ii) Breathnaigí ar an agallamh anois le feiceáil an raibh an ceart agaibh. Ar thuig sibh na focail agus na frásaí ar fad thuas? Féach san fhoclóir mura bhfuil sibh cinnte.

Tuiscint

Le linn duit bheith ag breathnú ar an agallamh arís scríobh cúig cheist le cur ar an duine in aice leat faoin scéal a insíonn Cathal. Nuair a bheidh an méid sin déanta agaibh, freagair thusa na ceisteanna a chuirtear ortsa faoin agallamh.

Sampla: *Ceist:* Cén áit a raibh Cathal ag teacht as?
Freagra: (As) Luimneach.

(a) _____

(b) _____

(c) _____

(d) _____

(e) _____

Scríbhneoireacht

Samhlaigh gur tusa an fear a thug síob do Chathal. Scríobh píosa gearr ag déanamh cur síos do chara faoi cad a tharla an lá sin. Beidh an deis agat é a léamh amach don chuid eile den rang. Tabhair aird faoi leith ar an litriú. Lorg cabhair ó dhaoine eile nó ón mhúinteoir, más gá.

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

Léitheoireacht

Tá go leor scéalta ann faoi thaisteal, faoi shíobshiúl agus faoi rudaí iontacha a tharlaíonn ar an bhóthar. Seo trí fhinscéal uirbeacha (*urban legends*) a insítear ó Chorcaigh go Kansas. Fágadh deireadh na scéalta ar lár. Léigh gach scéal agus ansin déan féin agus an bheirt in aice leat iarracht críoch a chur ar gach ceann acu.

Scéal 1

Bhí an lánúin seo ag tiomáint go Florida, le cuairt a thabhairt ar chairde ann. Bhí siad cúpla uair an chloig ar an bhealach nuair a thug siad drochbholadh faoi deara sa ghluaisteán. "Ó tá tóin an bhábí salach" arsa an bhean, "stop anseo ar thaobh an bhealaigh." Stop siad agus tugadh suíochán an linbh amach as an charr. D'athraigh siad clúidín an linbh agus chuir siad ina shuí ar ais sa suíochán é. Bhí an ceantar go hálainn agus bhí an fear ag iarraidh pictiúr a thógáil den teaghlach go léir le chéile. Chuir siad an bábaí ar dhíon an ghluaisteáin agus thóg pictiúr deas de ina shuí thuas go hard. D'fhan siad ar feadh tamaill bhig eile, ag caitheamh toitíní agus ag comhrá, agus isteach leo sa charr chun an 60 míle eile a thiomáint.

Nuair a shroich siad teach a gcairde lig an bhean scread aisti…

Scéal 2

Bhí bean ag tiomáint trí cheantar bocht i lár chathair Bhaile Átha Cliath. Stop sí ag soilse tráchta agus d'fhan go mbeadh an solas glas. I lár an tsamhraidh a tharla seo, agus bhí an lá go te. D'oscail sí an fhuinneog beagáinín leis an aer a ligean isteach. Cad é a tharla ansin ach gur chuir fear a lámh isteach, ag iarraidh a mála a thógáil ón suíochán paisinéara! Bhrúigh sí cnaipe leis an fhuinneog a dhúnadh agus thiomáin sí ar aghaidh ar nós na gaoithe go dtí go raibh sí slán sábháilte sa bhaile. Ní go dtí go raibh sí ag a teach féin a chonaic sí an rud a bhí léi…

Scéal 3

Bhí fear ag iarraidh carr nua a cheannach ach ní raibh mórán airgid aige. Bhí sé ag breathnú sna fógraí sa nuachtán áitiúil agus chonaic sé go raibh Porsche á díol ar $1,000. "Caithfidh sé gur botún é sin" a dúirt sé, ach chuir sé glaoch ar an úinéir ar aon nós. Dúirt an t-úinéir gurbh é sin an praghas ceart agus go dtiocfadh leis teacht amárach chun an gluaisteán a fheiceáil. "Tá seo rómhaith le bheith fíor" a dúirt an fear leis féin. Bhí sé cinnte go mbeadh an carr ag titim as a chéile, ach ní raibh. Bhí sí glan, nua gan scríob uirthi agus bhí na páipéir chearta go léir ag an úinéir. "Cén fáth a bhfuil sé chomh saor sin?" a d'fhiafraigh sé. Dúirt an t-úinéir go raibh sé ag imeacht thar sáile agus gur theastaigh uaidh an gluaisteán a dhíol go gasta. Thug mo dhuine seic dó, agus fuair eochracha an chairr isteach ina lámh.

Ach ní raibh sé i bhfad ag tiomáint go dtí gur thuig sé cén fáth nár díoladh an carr riamh…

Plé

Déan na ceisteanna thíos a phlé leis an bheirt in aice leat.

(a) Déan cur síos ar aon fhinscéal uirbeach atá ar eolas agat féin.

(b) Ar tharla eachtra ghreannmhar nó spéisiúil duit féin riamh agus tú ag taisteal?

(c) Deir Cathal san agallamh nár fhoghlaim sé an tiomáint riamh. An bhfuil tiomáint agatsa? Má tá, cén áit ar fhoghlaim tú agus an raibh sé deacair duit foghlaim? Mura bhfuil tiomáint agat, an bhfuil sé i gceist agat í a fhoghlaim? Cén fáth?

(d) Faigheann líon ard daoine bás de bharr timpistí bóthair i ngach cearn den domhan. An bhfuil sé ceart an locht ar chur ar pholasaithe rialtais nó ar cheart do dhaoine níos mó freagrachta a ghlacadh?

Speaking Irish/An Ghaeilge Bheo

Take Your Language Skills Beyond Basics

Freagraí na ngníomhaíochtaí

Key for teachers

Siuán Ní Mhaonaigh

Antain Mac Lochlainn

Aonad 11: Oideachas

Gníomhaíocht réamhéisteachta (i)

(a) *boarding school*: (scoil chónaithe)
(b) *a degree in geography*: (céim sa Tíreolaíocht)
(c) *if she wanted to do it*: (dá dteastódh uaithi é sin a dhéanamh)
(d) *there are more choices*: (tá níos mó roghanna)

Tuiscint

Seo thíos leaganacha ceartaithe de ráitis a bhí míchruinn san alt.
1. Chaith Ciara cúig bliana i gColáiste Íde.
2. Thaitin an áit sin go mór léi.
3. Deir sí nach bhfuil sí cinnte an gcuirfeadh sí Méabh go Coláiste Íde.
4. Ní raibh Ciara in ann dul abhaile go minic.
5. Fuair sí a cuid oideachais ar fad trí Ghaeilge, an bhunscoil san áireamh.
6. Is maith le Ciara go bhfuil an bhunscoil an-bheag.

Teanga

(i) Iarr ar roinnt de na foghlaimeoirí na haistriúcháin a rinne siad a léamh amach go dtí go bhfaigheadh tú leagan ceart de gach abairt.
(a) Tá mé ag foghlaim Gaeilge le ceithre bliana anois.
(b) Tá mé ag dul chuig cúrsa i Nua-Eabhrac i gceann seachtaine.
(c) Beidh mé ann ar feadh trí lá.
(ii) Scríobh na nathanna seo a leanas ar an chlár: "le", "i gceann", "ar feadh". Cuir ceist ar na foghlaimeoirí an féidir leo aon rialacha a sholáthar faoi úsáid na nathanna seo nó an difear céille eatarthu. Déan cinnte go mbíonn an t-eolas seo a leanas acu:
Úsáidtear *ar feadh* le tagairt a dhéanamh don am atá caite nó le tagairt a dhéanamh do thréimhse leanúnach nach bhfuil thart fós.

Bhí mé in Éirinn ar feadh seachtaine ag an Nollaig.

Beidh mé anseo ar feadh míosa.

Úsáidtear *le* chun tagairt a dhéanamh do thréimhse ama atá fós ag dul ar aghaidh.

Tá mé i mo chónaí anseo le deich mbliana.

Úsáidtear *i gceann* chun tagairt don am atá fós le teacht.

Beidh an cúrsa críochnaithe i gceann bliana.

Aonad 12: An timpeallacht

Focal ar fhocal (i)
(a) *great progress*: (an-dul chun cinn)
(b) *in various areas / fields*: (i réimsí áirithe)
(c) *recycling*: (athchúrsáil)
(d) *my generation*: (an ghlúin agamsa)
(e) *procedures*: (cleachtais / nósanna imeachta)
(f) *they have a lot more experience*: (tá i bhfad níos mó taithí acu)

Cé chomh "glas" is atá tusa?
(i) Léigh na ráitis i dteannta na bhfoghlaimeoirí lena chinntiú go dtuigeann siad gach rud.
(ii) Tabhair seans dóibh na ceisteanna a chur ar a chéile agus an líon A-nna, B-nna agus C-nna a fuair siad a shuimiú.
(iii) Tabhair an eochair seo a leanas dóibh ansin: Más A-nna is mó a bhí agat is léir go gcuireann tú an timpeallacht san áireamh i do shaol laethúil. Más B-nna is mó a bhí agat beidh ort iarracht níos mó a dhéanamh. Más C-nna is mó a roghnaigh tú caithfidh tú i bhfad níos mó a dhéanamh ar son na timpeallachta.

Aonad 13: An Ghaeltacht

Focal ar fhocal
(a) *for the country's sake*: (ar mhaithe leis an tír…deir sí "leis an dtír")
(b) *doing normal, everyday things*: (ag déanamh gnáthrudaí laethúla)
(c) *at the end of the day*: (ag deireadh an lae)
(d) *it's part of our culture*: (is cuid dár gcultúr í)
(e) *a particular culture*: (cultúr ar leith)

Léitheoireacht (ii)
Seo na leaganacha cearta de na focail a bhí le roghnú agus le cur sna bearnaí:
(a) na hÉireann
(b) an phobail
(c) bhunú
(d) cuireadh
(e) tugadh
(f) n-údarás
(g) deireanaí
(h) ina chónaí
(i) deirí
(j) bhíonn

Aonad 14: Saol na mban

Gníomhaíocht réamhéisteachta (i)

(a) Teach an Ard-Mhéara: (*the Lord Mayor's residence*)
(b) cathaoirleacht a dhéanamh ar: (*to chair a…*)
(c) comhlachtaí: (*companies*)
(d) tairiscint: (*offer*)
(e) píosa taighde: (*a piece of research*)
(f) deiseanna: (*opportunities*)
(g) cáilíocht na beatha: (*quality of life*)
(h) freagrachtaí móra: (*big responsibilities*)
(i) sásamh: (*satisfaction*)
(j) an dá ghnéas: (*both sexes*)
(k) an rud is luachmhaire: (*the most valuable thing*)
(l) scun scan: (*completely*)
(m) feidhmiúlacht: (*practicality / usefulness*)

Tuiscint

Seo an eochair don ghníomhaíocht seo:
Ráiteas a: Bréagach (iarradh ar Helen a bheith ina cathaoirleach in ócáid i dTeach an Ard-Mhéara)
Ráiteas b: Fíor
Ráiteas c: Bréagach (deirtear comhlacht amháin)
Ráiteas d: Ní deirtear
Ráiteas e: Fíor
Ráiteas f: Bréagach (Deir Helen "…braithim go bhfuil… spreagadh difriúil, á, insa dá ghnéas, á, maidir leis an rud is luachmhaire dóibh…")
Anois, cuir ceist ar na foghlaimeoirí cén dearcadh atá acu féin maidir leis an taighde seo. An dóigh leosan go mbíonn dearcadh difriúil ag fir agus mná maidir leis na rudaí is tábhachtaí ó thaobh oibre agus caighdeán saoil de?

An teanga

(i) Is é **an briathar saor** atá i gceist i ngach cás acu seo. Cuir ceist orthu cén uair a bhaintear úsáid as an bhriathar saor agus, mura bhfuil siad cinnte, tabhair an t-eolas seo dóibh: Baintear úsáid as an bhriathar saor nuair nach mbíonn a fhios againn cén duine a dhéanann gníomh faoi leith nó nuair nach mian linn an t-eolas sin a thabhairt. Tabhair an dá shampla seo dóibh:

    Déanfaidh Eoin an obair amárach. (Is é Eoin a dhéanfaidh an obair).
    Déanfar an obair amárach. (Níl a fhios againn cé a dhéanfaidh an obair).

(ii) Seo na haimsirí atá i gceist:

labhraítear:	aimsir láithreach
iarradh:	aimsir chaite
cuireadh:	aimsir chaite
deineadh (rinneadh):	aimsir chaite
fuarthas:	aimsir chaite

(iii) Seo na habairtí agus an briathar saor in úsáid:
(a) Deirtear go bhfuil saoire iomlán ag mná anois.
(b) Taispeánadh torthaí an taighde.
(c) Baileofar breis figiúirí amach anseo.
(d) Táthar dóchasach go dtiocfaidh méadú ar líon na mban sa pholaitíocht amach anseo.
(e) Cuireadh tús le taighde nua i mbliana.
(f) Cuirtear eolas ar fáil do mhná faoina gcearta.

Mná sa pholaitíocht

Abair leis na foghlaimeoirí an ghníomhaíocht seo a dhéanamh ina n-aonar sula ndéanann siad í a phlé leis an duine in aice leo.

Seo an ghreille agus na tíortha istigh san áit cheart. Cuir roinnt ceisteanna mar seo a leanas ar na foghlaimeoirí: An raibh liosta s'acu féin mar an gcéanna, mura raibh, an bhfuil aon rud a chuireann iontas orthu? An dóigh leo go mbeidh na céatadáin mar an gcéanna i 2050? Cén fáth?

Ord sa domhan	***An tír***	***Céatadán*** (%)
1.	Ruanda	48
2.	An tSualainn	45
13.	An Ghearmáin	32
34.	Ceanada	21
49.	An Bhreatain	18
60.	Na Stáit Aontaithe	15
65.	Éire	13
85.	An Rúis	10
99.	An tSeapáin	7
127.	An Araib Shádach	0

Aonad 15: Scéalta

Tuiscint

Seo thíos ceisteanna samplacha a d'fhéadfaí a bhunú ar scéal Chathail.

(a) Cén t-eolas a thugann Cathal dúinn faoin áit a raibh an t-óstán suite?

(b) Cén fáth a ndeachaigh an fear isteach san óstán?

(c) Cén uair a tharla an eachtra seo?

(d) Cén fáth nach ndearna Cathal iarracht stop a chur leis an charr?

(e) Cad é mar a cuireadh stop leis an charr ar deireadh?

Léitheoireacht

Seo thíos deirí do na trí fhinscéal uirbeacha.

Scéal 1: Chuimhnigh sí ansin gur fhág siad an leanbh ar dhíon an ghluaisteáin.

Scéal 2: Bhí lámh an ghadaí ina luí ar an suíochán paisinéara.

Scéal 3: Bhí drochbholadh aisteach sa charr. Fuair sé amach ina dhiaidh sin go bhfuair duine bás inti agus nach dtiocfadh an boladh a dhíbirt.